



1.7.2024

# FÓGRA DO NA FEISIRÍ

## Ábhar: Prionsabail maidir le cásanna díolúine

Tá an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla,

- ag féachaint d’Airteagail 7, 8 agus 9 de Phrótacal (Uimh 7) ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh,
- ag féachaint do Rialacha 5, 6, 7, 8 agus 9 de na Rialacha Nós Imeachta,
- ag féachaint do chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh,

tar éis na prionsabail seo a leanas a leagan síos de bhun Riail 9(13) de na Rialacha Nós Imeachta:

### Cuid I – Prionsabail ghinearálta

1. Rátháíocht ar neamhspleáchas na Parlaiminte ina hiomláine agus ar neamhspleáchas a Feisirí is ea díolúine pharlaiminteach, agus ní hionann í agus pribhléid phearsanta Feisire.
2. Ní hionann an coiste agus cúirt dlí.
3. Is é is cuspóir do dhíolúine pharlaiminteach ná Parlaimint na hEorpa agus a Feisirí a chosaint ar imeachtaí dlíthiúla a bhaineann le gníomhaíochtaí a dhéantar agus dualgais pharlaiminteacha á gcomhlíonadh acu agus ar gníomhaíochtaí iad nach féidir a scaradh ó na dualgais sin;
4. Déanann údarais na mBallstát cinneadh i dtaobh chiontacht an Fheisire, nó a mhalairt, a bhfuil a dhíolúine faoi chaibidil, agus i dtaobh oiriúnacht na n-imeachtaí cúirte. Ní

<sup>1</sup> Arna leasú an 30 Bealtaine 2023 agus an 19 Meán Fómhair 2023.

dhéanann an coiste breithniú i dtaobh na gceisteanna sin. Ní dhéanann an coiste ach cinneadh i dtaobh an bhfuil constaic ann ar imeachtaí na cúirte a thagann ón ngá atá le neamhspleáchas na Parlaiminte a chaomhnú.

5. I gcomhthéacs cásanna díolúine, ní dhéanann an coiste fiúntais choibhneasta na gcórais náisiúnta dlí agus breithiúnach a phlé. Ní féidir le heasnaimh líomhnaithe i gcórais bhreithiúnacha náisiúnta a bheith ina n-údar le cinneadh a dhéanamh gan díolúine Feisire a tharscaoileadh ná a chosaint.

## **Cuid II – An Nós Imeachta**

### **Seasamh an Rapóirtóra**

6. Déanfaidh an coiste Rapóirtéir a cheapadh do gach cás díolúine.
7. Chun na críche sin, déanfaidh gach grúpa polaitiúil Feisire amháin a cheapadh chun bheith ina bhuanrapóirtéir i gcomhair cásanna díolúine, ar cheart gurb é a bheadh ina chomhordaitheoir, chun a áirithiú gurb iad na Feisirí a bhfuil taithí acu a dhéileálann le cásanna díolúine. Áiritheoidh na grúpaí polaitiúla gur den ionracas is airde iad na buanrapóirtéirí a cheapfaidh siad.
8. Déanfar uainíocht ar bhonn comhionann idir na grúpaí polaitiúla ar ról an rapóirtóra le haghaidh gach cáis díolúine. Mar sin féin, ní fhéadfaidh an Rapóirtéir a bheith ina chomhalta den ghrúpa céanna, ná a bheith tofa sa Bhallstát céanna leis an bhFeisire a bhfuil a dhíolúine faoi chaibidil.

### **Bainistiú cásanna díolúine**

9. Féachfaidh an coiste agus an Rapóirtéir le gach cás díolúine a thabhairt chun críche chomh mear agus is féidir, agus castacht ghaolmhar gach cáis á cur san áireamh.
10. Áireofar sa bhreithniú ar gach cás díolúine cur i láthair tosaigh ón Rapóirtéir, éisteacht roghnach, malartú tuairimí agus vótáil ar bhonn dréacht-tuarascáil arna tíolacadh ag an Rapóirtéir.

### **Am labhartha**

11. I bhfianaise na tréimhse teoranta ama atá ar fáil don choiste chun cásanna díolúine a bhreithniú, déanfaidh an Cathaoirleach dianrialú ar an am labhartha do chásanna díolúine.
12. Féadfaidh an Rapóirtéir labhairt go hachomair ag tús agus ag deireadh aon phlé chun cás díolúine a bhreithniú, ar feadh tuairim is 5 nóiméad i ngach cás.
13. Féadfaidh Feisirí eile labhairt go hachomair, ar feadh thart ar 2 nóiméad an duine, le linn malartú tuairimí. I gcás ina mbíonn éisteacht ar siúl, féadfaidh siad labhairt go hachomair freisin chun ceisteanna a chur.

### **Éisteachtaí**

14. Tá éisteachtaí roghnach, i.e. féadfaidh Feisire a cheart nó a ceart chun éisteachta a tharscaoileadh in aon chás. Thairis sin, cuirfidh an Rapóirtéir de chomhairle ar an

bhFeisire a bhfuil a dhíolúine á plé nach bhfuil éisteacht úsáideach i gcásanna simplí nó i gcásanna nach bhfuiltear ag cur ina gcoinne.

15. Tá sé de cheart ag an bhFeisire a bhfuil a dhíolúine á plé éisteacht a fháil ina theanga nó ina teanga féin, ar choinníoll gur teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh í.
16. I gcás ina mbeidh éisteacht le bheith ann, iarrfaidh an coiste ar an bhFeisire a bhfuil a dhíolúine á plé éisteacht a fháil ag an gcéad chruinniú coiste eile is féidir. Ní thabharfar aon aird ar ghealltanais ná ar fhabhair na bhFeisirí seachas an Feisire a bhfuil a dhíolúine á plé agus an Rapóirtéir. I gcás nach féidir éisteacht a thabhairt don Fheisire a bhfuil a dhíolúine á plé laistigh de thréimhse réasúnach ama, mar gheall ar fhorais thromchúiseacha leighis, mar shampla, ba cheart leanúint ar aghaidh leis an nós imeachta gan éisteacht den sórt sin a bheith i gceist leis.
17. I gcás nach féidir leis an bhFeisire a bhfuil a dhíolúine faoi chaibidil freastal go fisiciúil ar an éisteacht ar fhorais chailleadh na sairse de dheasca coinneála nó príosúnachta, ar feadh cuid den sainordú nó ar feadh thréimhse iomlán an tsainordaithe, agus gur chuir sé nó sí in iúl go bhfuil sé nó sí toilteanach a cheart nó a ceart a theachtadh i dtaobh éisteacht a fháil, déanfar an éisteacht trí bhíthin rannpháirtíocht chianda trí ardán slán arna sholáthar ag Parlaimint na hEorpa. Déanfar bearta iomchuí chun rúndacht na n-imeachtaí agus nádúr rúnda na héisteachta a chaomhnú; ina leith sin, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na forálacha go léir a bhaineann le héisteacht i láthair go fisiciúil. I gcás inarb ábhartha, déanfar socruithe ad hoc don éisteacht sin le húdarais ábhartha na mBallstát.
18. Beidh feidhm ag Riail 9(6), an tríú fomhír, an ceathrú fomhír agus an cúigiú fomhír, maidir le cuirí chun éisteachtaí.
19. Ní bheidh níos mó ná éisteacht amháin ann i ngach cás. Mar sin féin, i gcásanna atá thar a bheith casta, féadfaidh an rapóirtéir a mholadh don choiste an dara héisteacht a reáchtáil. Vótálfaidh an coiste ar mholadh den sórt sin.
20. Ní fhéadfaidh an Feisire a bhfuil a dhíolúine á plé nó an Feisire a dhéanann ionadaíocht air nó uirthi labhairt ach amháin le linn na héisteachta roghnaí. Féadfaidh sé nó sí ráiteas tosaigh a dhéanamh, ráiteas nár cheart a bheith níos faide ná thart ar 15 nóiméad, agus ina dhiaidh sin ba cheart dó nó di na ceisteanna a chuirfidh Feisirí eile a fhreagairt go hachomair.
21. Ní fhéadfaidh ach Feisire eile de Pharlaimint na hEorpa ionadaíocht a dhéanamh ar an bhFeisire a bhfuil a dhíolúine á plé agus nár cheart, áfach, dó nó di a bheith ina chomhalta ná ina comhalta ionaid den Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla. Sa chás sin, ní tharlóidh an éisteacht ach amháin go fisiciúil.
22. I gcás na héisteachta, féadfaidh dlíodóir amháin nó comhairleoir dlí amháin a bheith in éineacht leis an bhFeisire a bhfuil a dhíolúine á plé. Ní bheidh an dlíodóir ná an comhairleoir dlí i dteideal labhairt, ach féadfaidh sé nó sí comhairle a thabhairt don Fheisire a bhfuil a dhíolúine á plé le linn na héisteachta. Ní íocfaidh Parlaimint na hEorpa as speansais taistil an dlíodóra ná an chomhairleora dlí.

#### Doiciméid tacaíochta

23. Faoi údarás an rapóirtéara, déanfar na doiciméid sin atá ábhartha do chinneadh an choiste a aistriú go teangacha oibre an choiste. I bhformhór na gcásanna, beidh sé sin teoranta don iarraidh fhoirmiúil ar tharscaoileadh nó ar chosaint, agus beidh gníomh cúisimh nó ráiteas éilimh ag gabháil leis.
24. Féadfaidh an Feisire a bhfuil a dhíolúine faoi chaibidil doiciméid a bhaineann lena chás nó lena cas a thíolacadh chomh maith le haon doiciméid atá soláthraithe ag na húdaráis náisiúnta cheana féin.
25. Ní dhéanfar aon doiciméid nach meastar a bheith ábhartha do chinneadh an choiste a aistriú.
26. Is ag an Rapóirtéir atá an cinneadh críochnaitheach i dtaobh ar cheart doiciméad ar leith a aistriú nó nár cheart. Agus an cinneadh sin á dhéanamh aige nó aici, ba cheart dó nó di cuimhneamh ar an gcostas a bhaineann le haistriú go teangacha oibre an choiste.

### **Cuid III - Rúndacht**

27. Agus é ag déileáil le cásanna díolúine, cuirfidh an coiste an nós imeachta rúndachta a leagtar síos i Riail 227 i bhfeidhm go huathoibríoch.

#### **Rochtain ar an seomra**

28. Breithneofar cásanna díolúine i seomra iata i gcónaí. Áiríteoidh an rúnaíocht, le cúnaimh ó na huiséirí, nach mbeidh ach na daoine seo a leanas sa seomra:
  - a) comhaltaí agus comhaltaí ionaid an Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla;
  - b) i gcásanna ina reáchtálar éisteacht, an Feisire a bhfuil a dhíolúine nó a díolúine á plé nó, mura bhfuil sé nó sí in ann freastal ar an éisteacht, an Feisire a dhéanann ionadaíocht dó nó di, agus, más infheidhme, dlíodóir nó comhairleoir dlí an Fheisire a bhfuil a dhíolúine á plé, mar aon le haon Fheisirí eile de Pharlaimint na hEorpa, i ngach cás ar feadh ré na héisteachta amháin;
  - b (nua) i gcás ina ndéantar vótáil, comhaltaí ionaid dá dtagraítear i Riail 216(7) arna gceapadh go cuí i scríbhinn ag lánchomhalta den choiste agus arna gcur in iúl i scríbhinn don Chathaoirleach roimh thús chruinniú an choiste, ar feadh ré na vótála amháin; féadfaidh an Cathaoirleach a cheadú, ar bhonn eisceachtúil, go mbeidh an t-ionadaí dá dtagraítear i Riail 216(7) i láthair le linn breithniú a dhéanamh ar an dréacht-tuarascáil atá sceidealaithe sa dréachtchlár oibre díreach roimh an vótáil; sa chás sin, ní ghlacfaidh an t-ionadaí malartach dá dtagraítear i Riail 216(7) páirt sa phlé agus níor cheart aon doiciméid a bhaineann leis an gcás a sheoladh chuige nó chuici;
  - c) foireann rúnaíocht an Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, agus aon fhoireann eile de chuid Ardrúnaíocht Pharlaimint na hEorpa a n-éilíonn a gcuid oibre go docht go mbeidh siad i láthair chun an cruinniú a sheoladh go cuí;
  - d) foireann na ngrúpaí polaitiúla agus rúnaíocht na bhFeisirí neamhcheangailte a

leanann gnó an Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla de ghnáth, a mbíonn dianghá lena gcuid oibre agus ar tugadh fógra i scríbhinn dá n-ainmneacha do rúnaíocht an Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla;

e) cúntóir parlaiminteach creidiúnaithe amháin leis an gCathaoirleach agus na buanrapóirtéirí do dhíolúintí a n-éilíonn a gcuid oibre go docht go mbeidh siad i láthair agus ar tugadh fógra i scríbhinn dá n-ainmneacha do rúnaíocht an Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla.

Chun críocha litreacha c) - e) de phointe 28, ní mheasfar oiliúnaithe a bheith ina mbaill foirne ná ina gcúntóirí parlaiminteacha creidiúnaithe agus ní thabharfar rochtain dóibh.

29. Ní thabharfar rochtain d'aon duine eile. Beidh feidhm ag an srian sin ar rochtain, go háirithe, maidir le cúntóirí an Fheisire a bhfuil a dhíolúine á plé. Féadfaidh an Cathaoirleach, in imthosca eisceachtúla, eisceachtaí aonair ar an riail sin a cheadú.
30. Ní fhéadfaidh freastalaithe aon taifeadtaí fuaimne ná fise a dhéanamh nuair atá cásanna díolúine á bplé. Ní dhéanfar ábhar aon díospóireachtaí a mhionsonrú sna miontuairiscí, ach déanfar aon chinneadh ar thángthas air a thairfeadh iontu.

#### Rochtain ar dhoiciméid

31. Déanfaidh an rúnaíocht doiciméid a aistrítear chun críoch breithnithe ag an gcoiste a scaipeadh, i bhfoirm fógra chuig na comhaltaí, roimh gach cruinniú ag a mbeidh an cás díolúine sonrach le plé. Ní scaipfeadh an fógra do chomhaltaí ach ar an gCathaoirleach (i gcás ina n-athrófar an Cathaoirleach don chruinniú, seolfar an fógra chuig na comhaltaí freisin chuig an Leas-Chathaoirleach a bheidh ina chathaoirleach ar an gcruinniú), chuig na buanrapóirtéirí do chásanna díolúine, chuig comhalta foirne amháin de na grúpaí polaitiúla do gach grúpa agus chuig comhalta amháin de rúnaíocht na bhFeisirí neamhcheangailte a dhéileálann leis na cásanna díolúine, beirt chomhaltaí den tSeirbhís Dlí a dhéileálann le cásanna díolúine agus comhaltaí rúnaíocht an Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla a dhéileálann le cásanna díolúine. Bainfidh an rud céanna le haon fhógraí eile do chomhaltaí a d'fhéadfaí a thabhairt ar aird i ndáil le cás díolúine áirithe. Ní scaipfeadh an fógra do chomhaltaí ar aon duine eile. Déanfar an scaipeadh trí ríomhphost atá cosanta ag pasfhocal.

31d.(nua) Tabharfaidh grúpaí polaitiúla agus rúnaíocht na bhFeisirí neamhcheangailte fógra do rúnaíocht an Choiste faoi ainm an chomhairleora pholaitiúil/an chomhalta pholaitiúil de rúnaíocht na bhFeisirí neamhcheangailte atá freagrach as cásanna díolúine agus go háirithe as gach cás díolúine ar leith. Tabharfaidh an tSeirbhís Dlí fógra do rúnaíocht an Choiste faoi ainmneacha a bheirte comhaltaí a dhéileálann le cásanna díolúine agus gheobhaidh sí an fógra na gcomhaltaí.

31b.(nua) Scaipfeadh **nóta faisnéise do na Feisirí** ar chomhaltaí nó comhaltaí ionaid uile an Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, ar fhoireann na ngrúpaí polaitiúla agus ar rúnaíocht na bhFeisirí neamhcheangailte a leanann gnó an Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla de ghnáth agus ar aon chomhaltaí foirne ábhartha eile de chuid Ardrúnaíocht Pharlaimint na hEorpa; luafar an méid seo a leanas sa nóta faisnéise:

a) i gcás iarrataí ar dhíolúine a tharscaoileadh:

údarás inniúil an Bhallstáit nó OIPE a iarrann tarscaoileadh díolúine (Riail 9(1)), an t-údarás inniúil chun an iarraidh a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa nó chuig OIPE (Riail 9(12)) chomh maith leis na muirir is inchurtha i leith an Fheisire a bhfuil a dhíolúine á plé;

b) i gcás iarrataí ar chosaint díolúine: ainm an Fheisire nó an iar-Fheisire lena mbaineann agus údar na hiarrata (Riail 9(1) agus (2)) agus achoimre ar inneachar na hiarrata.

32. Ní fhéadfaidh comhaltaí nó comhaltaí ionaid an Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, agus an Feisire a bhfuil a dhíolúine á plé, féachaint ar an gcomhad iomlán in áitreabh na rúnaíochta sa Bhruiséil ach amháin le coinne. Ní fhéadfar é a fháil ar iasacht ná ní fhéadfar aon chóipeanna in aon fhoirm a dhéanamh de. Ní fhéadfaidh rochtain a bheith ag aon duine eile ar an gcomhad, mura rud é gurb é an Feisire a ionadaíonn an Feisire a bhfuil a dhíolúine á plé nó dlíodóir nó comhairleoir dlí an Fheisire a bhfuil a dhíolúine á plé atá i gceist. Sa dá chás dheireanacha, is é an Cathaoirleach a dhéanfaidh cinntí maidir le féachaint ar an gcomhad.

Chun féachaint ar an gcomhad, socrófar seomra léitheoireachta in áitreabh na rúnaíochta sa Bhruiséil agus ní bheidh sé ar fáil ach amháin trí choinne ó 9.00 go 18.00 ó Luan go Déardaoin, agus ó 9.00 go 14.00 Dé hAoine, ón 5ú lá oibre roimh dháta an chruinnithe coiste ina gcuirtear cás díolúine ar leith ar chlár oibre an Choiste, go dtí an lá tar éis don Choiste dréacht-tuarascáil a ghlacadh sa chás díolúine sin.

#### Rúndacht na n-imeachtaí a urramú

33. Urramófar rúndacht na n-imeachtaí díolúine. Go háirithe, déanfar gach iarracht lándiscréid a choimeád maidir le héisteachtaí díolúine. Tá feidhm ag na forálacha ábhartha faoi Riail 227, de na Rialacha Nós Imeachta agus ag na forálacha araíonachta ábhartha faoi na Rialacháin Foirne.

#### Cuid IV – Cinntí maidir le cásanna díolúine

##### Dréacht-tuarascáil agus vótáil

34. Ullmhóidh an rapóirtéir dréacht-tuarascáil a bheidh le breithniú ag an gcoiste a luaithe a cheadófar sin leis an dul chun cinn a dhéanfar sa nós imeachta. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don Rapóirtéir an t-am a theastaíonn chun aistriúchán agus machnamh a dhéanamh roimh an vótáil a chur san áireamh.
35. Rachaidh an coiste ar aghaidh ansin leis an vótáil a luaithe is féidir, i.e. a luaithe is féidir tar éis malartú tuairimí agus/nó éisteacht ar bith, ag féachaint d'imthosca an cháis.
36. I bhfianaise chineál sonrach na nósanna imeachta díolúine, is é coinbhinsiún an choiste nach gcuirtear síos aon leasuithe ar dhréacht-tuarascáil. Ní fhéadfar vótáil ach ar son nó i gcoinne an togra atá i ndréacht-tuarascáil.
37. Ní fhéadfaidh ach comhaltaí nó comhaltaí ionaid den Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla a

bheith rannpháirteach sa vótáil. Ní mór do chomhaltaí ionaid dá dtagraítear i Riail 216(7) a bheith ceaptha i scríbhinn ag lánchomhalta agus a bheith curtha in iúl don Chathaoirleach roimh an gcruinniú.

38. I gcás ina vótálann tromlach na gcomhaltaí i gcoinne an togra atá sa dréacht-tuarascáil, measfar gurb é a mhalairt de chinneadh a bheidh glactha. Déanfar foclaíocht na tuarascála críochnaithí a athrú dá réir, faoi údarás an Chathaoirligh.
39. Cuirfear na tuarascálacha arna nglacadh ar chlár oibre an chéad suí iomlánaigh eile.

#### Díolúine a tharscaoileadh

40. Tá iarrataí ar tharscaoileadh díolúine bunaithe ar Airteagal 9 den Phrótocal. I gcás imeachtaí a bheith ar siúl sa Bhallstát inar toghadh an Feisire, beidh feidhm ag dlí an Bhallstáit sin amhail is dá mba chomhalta den pharlaimint náisiúnta é an Feisire a bhfuil a dhíolúine faoi chaibidil. I gcás imeachtaí i mBallstát eile, tá díolúine ag Feisirí ó aon bhearta coinneála agus ó imeachtaí dlíthiúla. I gcás ina dtarlaíonn na himeachtaí sa Bhallstát inar toghadh an Feisire, is ceist dlí náisiúnta é, dá bhrí sin, i dtaobh an bhfuil gá le hiarraidh ar tharscaoileadh díolúine.
41. Ní dhéanfaidh an coiste díolúine Feisire a tharscaoileadh más rud é go bhfuil an fiosrúchán, an choinneáil nó na himeachtaí dlíthiúla i leith tuairimí a tugadh nó vótaí a caitheadh agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu, mar a leagtar síos le hAirteagal 8 den Phrótocal, ós rud é nach mbeadh iarraidh ar tharscaoileadh inghlactha sa chás sin.
42. Meastar tuairim a bheith curtha in iúl i gcomhlíonadh dualgas Feisire más rud é go gcuirtear in iúl laistigh de líomataístí dílse Parlaimint na hEorpa í. I gcomhréir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais, féadfar a mheas freisin gur cuireadh tuairim in iúl i gcomhlíonadh dualgas Feisire más rud é gur breithmheas suibiachtúil a cuireadh in iúl lasmuigh den Parlaimint í a raibh baint dhíreach agus fhollasach aici lena dhualgais nó lena dualgais mar Fheisire de Parlaimint na hEorpa. Chun a shuí gur ann do nasc díreach soiléir den sórt sin, ba cheart aird a thabhairt ar charachtar agus ar ábhar an bhreithmheasa shuibiachtúla atá i gceist.
43. I gcás nach mbaineann na himeachtaí i dtrácht le tuairimí a tugadh ná le vótaí a caitheadh i gcomhlíonadh dhualgais Feisire, ba cheart díolúine a tharscaoileadh mura rud é go ndearlaíonn sé go bhféadfadh sé gurb é an rún is bonn leis na himeachtaí dlíthiúla dochar a dhéanamh do ghníomhaíocht pholaitiúil Feisire agus, dá bhrí sin, do neamhspleáchas na Parlaiminte (*fumus persecutionis*).
44. I gcás ina bhfuarthas iarraidh ar tharscaoileadh díolúine ach gur léir nach mbaineann an Feisire lena mbaineann an iarraidh tairbhe as aon díolúine sa chás sonrach, ba cheart a mheas go bhfuil an iarraidh neamh-inghlactha. Ní eiseoidh an coiste tuarascáil, ach seolfaidh sé litir chuig an Uachtarán á mholadh go measann sé nó sí go bhfuil an iarraidh neamh-inghlactha. Vótálfaidh an coiste ar an litir. Má aontaíonn an tUachtarán le measúnú an choiste, fógróidh sé nó sí é sin sa Suí Iomlánach agus dúnfar an cás gan aon ghníomhaíocht eile a bheith déanta ag an gcoiste ina leith.

#### Pribhléidí agus díolúine a chosaint

45. Ní mór d'iarrataí ar chosaint díolúine Feisire nó iar-Fheisire tagairt a dhéanamh do

shárú ar phribhléidí nó díolúintí a thugtar le hAirteagail 7, 8 agus 9 den Phrótacal. Ní mór, dá bhrí sin, baint a bheith ag na hiarrataí sin leis an méid seo a leanas:

- a) srian riaracháin nó srian eile arna fhorchur ar shaorghluaiseacht Feisire atá ag taisteal go dtí áit chruinnithe de Pharlaimint na hEorpa nó uaidh;
- b) mainneachtain na saoráidí iomchuí i leith custam agus rialú malairte a chur ar fáil;
- c) fiosrúchán, coinneáil nó imeachtaí dlíthiúla i leith tuairimí a tugadh nó vótaí a caitheadh agus dualgais pharlaiminteacha Feisire á gcomhlíonadh; nó
- d) mainneachtain ag údaráis Ballstáit iarraidh a dhéanamh ar tharscaoileadh díolúine faoi Airteagal 9 den Phrótacal nuair a bhí oibleagáid orthu déanamh amhlaidh.

- 46. Seachas i gcásanna eisceachtúla, ní dheonófar iarraidh ar chosaint pribhléidí agus díolúintí mura rud é go mbaineann sí le tuairimí a tugadh nó vótaí a caitheadh i gcomhlíonadh dualgas parlaiminteach Feisire, nó i gcás inar mhainnigh údaráis náisiúnta iarraidh ar tharscaoileadh díolúine a dhéanamh d'ainneoin oibleagáid a bheith orthu déanamh amhlaidh.
- 47. Meastar tuairim a bheith curtha in iúl i gcomhlíonadh dualgas Feisire más rud é go gcuirtear in iúl laistigh de líomatáistí dílse Parlaimint na hEorpa í. I gcomhréir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais, féadfar a mheas freisin gur cuireadh tuairim in iúl i gcomhlíonadh dualgas Feisire más rud é gur breithmheas suibiachtúil a cuireadh in iúl lasmuigh den Parlaimint í a raibh baint dhíreach agus fhollasach aici lena dhualgais nó lena dualgais mar Fheisire de Parlaimint na hEorpa. Chun a shuí gur ann do nasc díreach soiléir den sórt sin, ba cheart aird a thabhairt ar charachtar agus ar ábhar an bhreithmheasa shuibiachtúil atá i gceist.
- 48. I gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, níl aon éifeachtaí dlíthiúla ceangailteacha ag an gcinneadh díolúine Feisire a chosaint ar údaráis náisiúnta forfheidhmithe dlí ná ar údaráis bhreithiúnacha náisiúnta. Mar sin féin, tá sé d'oibleagáid ar na húdaráis sin bac a chur ar imeachtaí agus cinneadh den sórt sin a thabhairt dá n-aire.
- 49. Ní bheidh iarraidh ar chosaint pribhléidí agus díolúintí inghlactha i gcás ina bhfuil iarraidh ar dhíolúine a tharscaoileadh déanta cheana, nó ina bhfuil cinneadh déanta ina leith, i ndáil leis na fíoras céanna. Dúnfar iarraidh ar chosaint atá faoi bhreithniú má fhaightear iarraidh ar tharscaoileadh i leith na bhfíoras céanna.
- 50. Ina theannta sin, ní bheidh iarraidh ar chosaint pribhléidí agus díolúintí inghlactha i gcás iarraidh ar chosaint díolúine a bheith déanta cheana féin, nó ina bhfuil cinneadh déanta ina leith. Baineann an t-aon eisceacht le hiarraidh ar athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh den sórt sin, arna tíolacadh in éineacht le fianaise shubstaintiúil nua lena léirítear gur ann do shárú ar phribhléidí nó ar dhíolúintí a thugtar leis an bPrótacal.<sup>2</sup>
- 51. I gcás ina measann an coiste go bhfuil iarraidh neamh-inghlactha de bhun na bpointí thuasluaite, ní eiseoidh sé tuarascáil, ach seolfaidh sé litir chuig an Uachtarán á mholadh go measann sé nó sí go bhfuil an iarraidh neamh-inghlactha. Vótálfaidh an coiste ar an litir. Má aontaíonn an tUachtarán le measúnú an choiste, fógróidh sé nó sí é sin sa Suí Iomlánach agus dúnfar an cás gan aon ghníomhaíocht eile a bheith déanta ag an gcoiste ina leith.

---

<sup>2</sup> IO C 310/26



52. I gcás ina measann an coiste, áfach, go bhfuil iarraidh ar athbhreithniú inghlactha agus go bhfuil fianaise shubstaintiúil nua ag gabháil léi, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Uachtarán agus déileálfaidh sé leis an iarraidh de réir na nósanna imeachta a leanfadh sé dá mba chás nua é.

### **Cuid V — Conclúidí**

53. Tagann an Fógra seo do na Feisirí in ionad gach fógra roimhe seo agus aon doiciméad eile de chuid an Choiste um Ghnóthaí Dlíthiúla maidir lena chleachtais agus a mhódúlachtaí oibre i réimse na ndíolúintí.

Arna ghlacadh an 6 Samhain 2019.